# Treoir do Dhaoine Aonair a Fhaigheann Sonraí Pearsanta de Thimpiste

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

## *An Riosca Maidir le Nochtadh a Tharlaíonn de Thimpiste*

Tá an ról atá ag teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide inár saol oibre agus inár saol pearsanta ag méadú an t-am ar fad agus is iomaí buntáiste a bhaineann léi, éascaíocht san áireamh. Ach, d'fhéadfadh riosca níos mó maidir le príobháideacht a bheith ag baint leis an méadú atá ag teacht ar phróiseáil agus ar scaipeadh sonraí pearsanta. Tagann ceann de na rioscaí sin chun cinn nuair a nochtann rialaitheoir sonraí (duine, cuideachta, nó comhlacht eile a bhailíonn agus a úsáideann sonraí pearsanra) sonraí pearsanta do dhuine aonair eile de thimpiste.

Tugtar sáruithe ar shonraí pearsanta ar na heachtraí seo agus d'fhéadfaidís tarlú ar iomaí bealach faraor:

- Eisíonn banc ráitis nó comhfhreagras eile chuig an bhfaighteoir mícheart, ar an bpost nó ar ríomhphost;
- Eisíonn comhlacht rialtais comhfhreagras chuig an bhfaighteoir mícheart nó chuig an seoladh mícheart;
- Cuireann clinic tuairisc leighis sa chlúdach litreach mícheart agus seoltar chuig an othar mícheart é;
- Faigheann gnó réidh le seanríomhaire glúine gan an tiomántán diosca ar a bhfuil sonraí AD a ghlanadh de;
- Cuirtear faisnéis airgeadais rúnda chuig tríú páirtí nach bhfuil aon bhaint acu léi de bharr seoladh ríomhphoist nach bhfuil clóscríofa i gceart;
- Fágtar tiomántán USB ar a bhfuil sonraí teagmhála custaiméara ar thraein.

D'fhéadfaí sonraí pearsanta duine aonair a nochtadh do dhuine aonair eile nach raibh rún ar bith ná súil ar bith acu na sonraí sin a fháil de bharr botúin mar seo. Tá sé éasca a shamhlú chomh íogair agus a d'fhéadfadh na sonraí sin a bheith. Ní bheadh sé deacair ar dhuine a fhaigheann sonraí pearsana duine eile a shamhlú chomh trí chéile agus a bheadh siad féin dá nochtfaí a sonraí féin do dhuine strainséara.

Tugtar cosaint speisialta do chearta ábhar sonraí - is é sin, daoine aonair a d'fhéadfaí a aithint ó shonraí pearsanta – faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018, faoi Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus faoi dhlíthe eile. Ba cheart do dhuine aonair a fhaigheann sonraí pearsanta duine aonair eile na cearta sin a aithint agus meas a léiriú ina leith.

## *Déileáil le Nochtadh de Thimpiste*

Molann an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) do dhuine aonair a fhaigheann sonraí pearsanta nach iad a gcuid sonraí pearsanta féin iad gníomhú go pras agus céimeanna a ghlacadh chun na rioscaí atá ann do chearta an duine aonair/na ndaoine aonair lena mbaineann na sonraí pearsanta a laghdú:

- An rialaitheoir sonraí a aithint (ó sheoladh ríomhphoist nó ó cheann litreach an tseoltóra mar shampla) agus an nochtadh contráilte a chur in iúl dóibh. Ná fan go ndéanfaidh siadsan teagmháil leatsa.
- Seachain a n-osclófá ceangaltáin ríomhphoist, comhaid nó páipéir nach leat iad a oscailt.
- Socraigh leis an rialaitheoir sonraí maidir le réiteach a fháil ar an mbotún. D'fhéadfadh go mbeadh sé leordhóthanach an ríomhphost a scriosadh ó do 'bhosca isteach' agus ó d'fhillteán 'comhaid scriosta'. D'fhéadfadh an rialaitheoir sonraí socrú a dhéanamh litir nó pacáiste ar a bhfuil an seoladh mícheart air a bhailiú uait, nó d'fhéadfá a thoiliú na sonraí a scriosadh, trí, mar shampla, an fhaisnéis a stialladh ar bhealach slán agus dearbhú i scríbhinn a thabhairt don rialaitheoir sonraí go bhfuil seo déanta agat.
- Mura bhfuil tú ábalta an rialaitheoir sonraí a aithint nó teagmháil a dhéanamh leis déan teagmháil leis an DPC trínár bhfoirm gréasáin nó trí ríomhphost a sheoladh chugainn. Déanfaimid iarracht an fhadhb a réiteach.
- Ná déan iarracht an duine lena mbaineann na sonraí a aithint ná teagmháil a dhéanamh leo mar gur tuilleadh próiseála a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá i gceist leis sin.
- Ná roinn na sonraí le tríú páirtí eile lena n-áirítear an fhaisnéis a uaslódáil go poiblí ar ardáin meán sóisialta.

## *Rialaitheoirí Sonraí agus Próiseáil Neamhdhleathach*

Sa chás go bhfaigheann duine aonair sonraí pearsanta duine aonair eile de bharr sárú ar shonraí pearsanta níor cheart go ndéanfadh an duine aonair sin drochscéal níos measa. Níor cheart go ndéanfaidís iarracht na sonraí sin a rialú agus níor cheart dóibh na sonraí sin a phróiseáil gan bunús dlí a bheith acu sin a dhéanamh ach go háirithe.

Mar atá luaite cheana, is duine, cuideachta nó comhlacht eile an rialaitheoir sonraí, a shocraíonn na cuspóirí agus na modhanna a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil, cibé leo féin nó i gcomhpháirtíocht le duine/daoine eile nó le heagraíocht eile nó nach ea a dhéantar sin. Tá sainmhíniú forleathann ag baint le próiseáil maidir le dlí cosanta sonraí. Ní amháin go gcuimsítear ríomhaireacht agus anailís a dhéanamh ar shonraí ach cuimsítear na sonraí a nochtadh, a scaipeadh, eagarthóireacht a dhéanamh orthu nó iad a thiontú chuig formáidí eile, fiú amháin na sonraí sin a choimeád, ar phróiseáil. Baineann sé le sonraí pearsanta i leagan cruachóipe, mar cáipéisí clóite, chomh maith le sonraí leictreonacha mar ríomhphost nó comhaid ríomhaire.

Má ghlacann duine aonair, a bhfuil sonraí pearsanta faighte acu de thimpiste, cinneadh maidir le mar atá na sonraí sin le próiseáil d'fhéadfaí iad a mheas mar rialaitheoir maidir leis na sonraí sin. D'fhéadfadh iarmhairtí dlí suntasacha a bheith i gceist leis.

D'fhéadfadh iarmhairtí dlí sibhialta a theacht chun cinn de bharr sonraí pearsanta a choimeád go mídhleathach nó de bharr iad a phróiseáil ar aon bhealach eile. D'fhéadfadh ábhair shonraí agus an rialaitheoir sonraí dleathach araon leigheasanna suntasacha a lorg sna cúirteanna, d'fhéadfaí urghairí, damáistí agus costais a bheith san áireamh.

Tá an-chuid cumhachtaí ag an DPC d'fhonn dlíthe cosanta sonraí a fhorfheidhmiú. Áirítear orthu sin cumhachtaí maidir le fiosrúcháin a reáchtáil, a éileamh go ndéantar cáipéisí agus taifid a tháirgeadh, próiseáil neamhdhleathach a chosc agus scriosadh sonraí a ordú. Is féidir fíneáil riaracháin a ghearradh agus ionchúisimh choiriúla a thabhairt i leith sárú ar dhlíthe cosanta sonraí. (Faoi alt 145 den Acht um Chosaint Sonraí 2018,, is coir é sonraí pearsanta a nochtadh gan údarú agus d'fhéadfaí fíneáil suas go €50,000 agus/nó tréimhse phríosúnachta suas go cúig bliana a bheith mar phionós ar a leithéid.)

Molann an DPC go láidir go léireodh duine aonair ar bith a fhaigheann sonraí pearsanta nach mbaineann leo féin, meas ar chearta an ábhair sonraí agus do chearta an rialaitheora sonraí ar a bhfuil freagracht dlí aige i ndáil leis na sonraí. Níor cheart dóibh na sonraí a choimeád ná a úsáid go neamhdhleathach ar mhaithe leo féin nó chun críche eile.